**Leasú 5**

**Marie-Christine Vergiat, Marisa Matias, Paloma López Bermejo, Sofia Sakorafa, Barbara Spinelli, Patrick Le Hyaric**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A8-0433/2018**
**Kinga Gál**
Doiciméad Práinne Taistil an Aontais
(COM(2018)0358 – C8-0386/2018 – 2018/0186(CNS))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Regulation (EU) 2016/679 of the European Parliament and of the Council[25] applies to the processing of personal data carried out by Member States when implementing this Directive. The EU ETD system requires the processing of the personal data necessary for the purpose of verifying the identity of the applicant, printing the EU ETD sticker and facilitating travel of the data subject concerned. It is necessary to further specify safeguards applicable to the personal data processed, such as the maximum retention period of personal data collected. A maximum retention period ***of three years*** is necessary to prevent possible abuses. The erasure of personal data of applicants should not affect Member States' abilities to monitor the application of this Directive. | (20) Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na Ballstáit agus an Treoir seo á cur chun feidhme. Le córas DPT AE éilítear próiseáil na sonraí pearsanta is gá chun críocha céannacht an iarratasóra a fhíorú, greamán DPT AE a phriontáil agus taisteal an ábhair sonraí lena mbaineann a éascú. Is gá coimircí is infheidhme maidir leis na sonraí pearsanta arna bpróiseáil a shonrú tuilleadh, amhail an uastréimhse choinneála le haghaidh sonraí pearsanta arna mbailiú. Is gá uastréimhse choinneála chun mí-úsáidí féideartha a chosc. ***Ba cheart an tréimhse sin a bheith comhréireach agus níor cheart í a bheith níos faide ná 90 lá tar éis dheireadh bhailíocht DPT AE arna eisiúint.*** Níor cheart go ndéanfadh ***anaithnidiú nó*** scriosadh sonraí pearsanta iarratasóirí difear do chumas na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo. |

[25] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine

[25] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine

nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Or. en

9.1.2019 A8-0433/6

**Leasú 6**
**Marie-Christine Vergiat, Marisa Matias, Paloma López Bermejo, Sofia Sakorafa, Barbara Spinelli, Patrick Le Hyaric**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A8-0433/2018**
**Kinga Gál**
Doiciméad Práinne Taistil an Aontais
(COM(2018)0358 – C8-0386/2018 – 2018/0186(CNS))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gnéithe slándála breise agus ceanglais bhreise lena n-áirítear caighdeáin feabhsaithe in aghaidh brionnú, góchumadh agus falsú; | (b) gnéithe slándála ***neamh-bhithmhéadracha*** breise agus ceanglais bhreise lena n-áirítear caighdeáin fheabhsaithe in aghaidh brionnú, góchumadh agus falsú; |

Or. en

*Réasúnú*

*Má iarrann an Coimisiún go gcuirfí gnéithe bithmhéadracha san áireamh, ba cheart é sin a dhéanamh faoi ghníomh tarmligthe.*

**Leasú 7**
**Marie-Christine Vergiat, Marisa Matias, Paloma López Bermejo, Sofia Sakorafa, Barbara Spinelli, Patrick Le Hyaric**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A8-0433/2018**
**Kinga Gál**
Doiciméad Práinne Taistil an Aontais
(COM(2018)0358 – C8-0386/2018 – 2018/0186(CNS))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. The assisting Member State and the Member State of nationality shall retain the personal data of an applicant for no longer than ***three years***. Upon expiry of the retention period, the personal data of an applicant shall be erased. | 4. Coinneoidh an Ballstát cuiditheach agus Ballstát na náisiúntachta sonraí pearsanta iarratasóra go ceann tréimhse nach faide ná ***90 lá tar éis dheireadh bhailíocht DPT AE arna eisiúint***. Ar dhul in éag na tréimhse coinneála, scriosfar sonraí pearsanta iarratasóra. ***Féadfar sonraí anaithnidithe a choinneáil más gá chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo.*** |

Or. en